# Gníomhaíocht shamplach chun scileanna bainistíocht ábhar a fhorbairt

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de sheimineár gréasáin FGL 2020/2021 "Scileanna Bainistíocht Tionscadail a Fhorbairt sa Teicneolaíocht Fheidhmeach" a bhí ar siúl ar an 2 Samhain 2020. Is féidir na hábhair uile a úsáideadh le linn an tseimineáir ghréasáin seo a fheiceáil i rannán na dTeicneolaíochtaí de www.jct.ie laistigh de thíl na gCeardlann Roghnach

Nasc Suíomh Gréasáin:

https://www.jct.ie/technologies/cpd_supports_applied_technology_elective_workshops

Le linn an tseimineáir ghréasáin, mheas an lucht freastail an cuspóir atá le scileanna bainistíocht ábhar a fhorbairt mar chuid de phróiseas bainistíocht tionscadail. Léiríonn na heispéiris foghlama thíos cur chuige múinteoirí na Teicneolaíochta Feidhmí i leith deiseanna a chur ar fáil do scoláirí chun scileanna bainistíocht tionscadail a fhorbairt. Fiosraíonn na tascanna seo conas is féidir le scoláirí a dtuiscint ar úsáid agus ar éifeachtúlacht ábhar sa Teicneolaíocht Fheidhmeach a fhorbairt.

## Cad atá san áireamh sa PDF seo?

San acmhainn seo moltar gníomhaíochtaí samplacha atá dírithe ar thuiscint a fhorbairt ar úsáid agus ar éifeachtúlacht ábhar sa Teicneolaíocht Fheidhmeach.

- Éifeachtúlacht Ábhar - Gníomhaíochtaí Samplacha

Buíochas mór leis na múinteoirí agus leis na scoláirí a chinntigh go gcuirfí an acmhainn seo ar fáil d’fhoireann Theicneolaíocht Fheidhmeach JCt4.

**Nóta:** Moltar duit féachaint ar an seimineár gréasáin roghnach chun cuspóir na hacmhainne seo a chur i gcomhthéacs

BY NC

# Éifeachtúlacht Ábhar – Gníomhaíochtaí Samplacha

## Tascanna


Fiosraíonn na tascanna molta san acmhainn seo bealaí chun scoláirí a mhealladh chun a dtuiscint ar úsáid agus ar éifeachtúlacht ábhar i dTeicneolaíocht Fheidhmeach a fhorbairt

### Plé Ranga

- Conas is féidir a bheith níos éifeachtúla agus muid ag úsáid ábhar agus comhpháirteanna?
- D'fhéadfadh scoláirí a gcuid smaointe a roinnt agus comhoibriú i bplé ranga ó chian agus Padlet ranga in úsáid acu. Físeán: [Conas Teagasc ó Chian le Padlet]

### Tascanna Molta:

- Úsáid an cluiche Tetris chun ábhar a léiriú go héifeachtúil laistigh de spás ar leith. Thiocfadh leis sin a bheith tairbheach go háirithe má úsáidtear ábhar athchúrsáilte nó fuíolladhmad.



Féach an nasc: https://tetris.com/play-tetris

- Taispeáin conas réimse de chruthanna deacra nó neamhrialta a mharcáil le haghaidh druileála agus gearrtha agus an seicheamh ina gcuirtear na próisis déantúsaíochta sin i gcrích.Focus on identifying and minimising waste sections.
    - Dírigh ar ghiotaí fuíolladhmaid a shainaithint agus a íoslaghdú.
- Taispeáin conas a thiocfaí fréamhshamhlacha, forbairtí agus líonta a úsáid chun toisí ábhair a aistriú chuig ábhar roghnaithe.

### Plé Ranga

Pléigh an tionchar comhshaoil a bhíonn leis an rogha ábhair a dhéanaimid? Dírítear aird ar phrionsabal na hinbhuanaitheachta: Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil.

Sampla – a forbraíodh lena úsáid le FGL JCt4

Cruthaíodh an acmhainn seo chun tacú le seimineár gréasáin Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2020-2021 agus baineann sé le comhthéacs na bpléití a tharla le linn an tseimineár ghréasáin sin.